**Ceist i gcomhair freagra ó bhéal O-000001/2020**
**ar an gCoimisiún**
Riail 136
**Tanja Fajon** (S&D), **Ádám Kósa** (PPE), **Janusz Lewandowski** (PPE), **Dimitrios Papadimoulis** (GUE/NGL), **Stelios Kouloglou** (GUE/NGL), **Helmut Scholz** (GUE/NGL), **Romana Tomc** (PPE), **Ernest Urtasun** (Verts/ALE), **Martina Michels** (GUE/NGL), **Annie Schreijer-Pierik** (PPE), **Kateřina Konečná** (GUE/NGL), **Milan Zver** (PPE), **Monika Beňová** (S&D), **Viktor Uspaskich** (Renew), **Clare Daly** (GUE/NGL), **Loucas Fourlas** (PPE), **Ljudmila Novak** (PPE), **Miroslav Číž** (S&D), **Marie Toussaint** (Verts/ALE), **Jackie Jones** (S&D), **Peter Pollák** (PPE), **Robert Hajšel** (S&D), **Tudor Ciuhodaru** (S&D), **Radan Kanev** (PPE), **Mircea-Gheorghe Hava** (PPE), **Petros Kokkalis** (GUE/NGL), **Stanislav Polčák** (PPE), **Michal Wiezik** (PPE), **Franc Bogovič** (PPE), **Vladimír Bilčík** (PPE), **José Ramón Bauzá Díaz** (Renew), **Dennis Radtke** (PPE), **Róża Thun und Hohenstein** (PPE), **Martin Hojsík** (Renew), **Traian Băsescu** (PPE), **Maria Walsh** (PPE), **Luke Ming Flanagan** (GUE/NGL), **Mick Wallace** (GUE/NGL), **Martina Anderson** (GUE/NGL), **Marc Botenga** (GUE/NGL), **Seán Kelly** (PPE)

Ábhar: Géarchéim an uisce sa Bhulgáir

Infheistíodh na céadta milliún euro, lena n-áirítear suim mhór airgid as cistí Eorpacha, i mbonneagar uisce na Bulgáire le blianta beaga anuas. In 2019, bhí beagnach 130 000 saoránach de chuid na Bulgáire gan rochtain ar uisce óil le linn laethanta saoire na Nollag. Tá ag géarú i gcónaí ar an gcóras uisce, gan aon chosúlacht ann go réiteofar an ghéarchéim. Tá idir chontúirtí sláinte agus bhagairtí eacnamaíocha fadtéarmacha le sárú ag muintir na tíre anois.

Ní tubaiste nádúrtha is cúis leis sin, ach an taoscadh seanbhunaithe atá á dhéanamh ar uisce óil in Pernik, ceann de na cathracha is mó sa Bhulgáir, ar mhaithe le riachtanais thionsclaíocha. Tá taoscadh á dhéanamh le roinnt míonna anuas, in ainneoin go bhfuil leibhéil dhamba Studena, arb é an t-aon fhoinse uisce atá sa chathair é, ag dul i laghad i gcónaí.

Mar sin féin, ní cás aonair é cás Pernik. Tá deicheanna de bhlianta caite ag muintir Shumen, arb é an 10ú cathair is mó sa tír é, gan rochtain acu ar uisce óil. Go praiticiúil, is amhlaidh an cás do Varna, an tríú cathair is mó sa tír, atá mar chroílár thionscal na turasóireachta. Níl dóthain leathanach ann, ar an drochuair, chun liosta a dhéanamh de gach cathair agus gach sráidbhaile atá gan rochtain ar uisce óil.

Ceart atá ag saoránaigh an Aontais is ea rochtain ar uisce óil. Is ábhar í do thionscnamh ó na saoránaigh agus aithnítear go sonrach í i Rún 64/292 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 28 Iúil 2019. Ní fadhbanna a bhaineann le Pernik ná leis an mBulgáir amháin iad sárú an chirt sin agus caitheamh neamhéifeachtach cistí Eorpacha. Is fadhb a bhaineann leis an Eoraip trí chéile í.

Ós amhlaidh atá, ba mhaith linn na ceisteanna seo a leanas a chur:

1. An bhfuil an Coimisiún réidh chun athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar cad is cúis le géarchéim an uisce?

2. An bhfuil an Coimisiún ullamh chun cúnamh a thabhairt d'institiúidí ábhartha na Bulgáire chun ceart rochtana shaoránaigh na Bulgáire ar uisce óil a ráthú?

3. An féidir leis an gCoimisiún a ráthú sa cheád chlárthréimhse eile go ndéanfar dianfhaireachán ar na tionscadail uisce sin atá fós ag céim na pleanála agus an deartha, lena áirithiú go mbainfear torthaí nithiúla amach.

4. I gcás sáraithe, an dtabharfaidh an Coimisiún fógra don Ionchúisitheoir Poiblí Eorpach i dtaca le caitheamh neamhfhreagrach cistí ar thionscadail uisce?

Curtha síos: 06/01/2020

Spriocdháta i gcomhair freagra: 07/04/2020